


# Bunsmainteoireacht Chruthaitheach



Is straitéis é seo chun **samhlaíocht an scoláire a spreagadh** agus tugann sé ar scoláirí roghanna agus **smaointe éagsúla** a thairiscint.

- Roinntear na scoláirí ina bpéirí.
- Tugtar fadhb do na scoláirí le réiteach agus pléann siad í.
- Spreagtar na scoláirí chun freagraí a thabhairt agus a bheith chomh cruthaitheach agus is féidir, is í an spéir an teorainn.
- Scríobhtar na freagraí uile ar na poistíní.
- A luaithe is a bhíonn go leor freagraí ann, postálann duine ó gach grúpa a gcuid smaointe ar bhalla an tseomra ranga.
- Bailíonn na scoláirí uile thart timpeall ar an mballa: pléitear na freagraí agus baintear iad go dtí nach mbíonn fágtha ach cúpla ceann cinnte daingean.
- Pléifear na freagraí seo níos doimhne chun teacht ar réiteach na ceiste.


## Leideanna

- Cuir in iúl nár chóir eagla a bheith ar scoláirí freagraí contráilte a thabhairt, mar is féidir go spreagfadh na freagraí sin duine eile.
- I ndiaidh do na scoláirí a gcuid smaointe a phostáil ar an mballa, is féidir leis an múinteoir ansin cuidiú leo fócasú ar an bplé trí chritéir shimplí a thabhairt chun na smaointe a scagadh ar deireadh.



### Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag [www.jct.ie](http://www.jct.ie)



## Príomhscileanna

- ▶ Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- ▶ Mé féin a bhainistiú
- ▶ Cumarsáid
- ▶ Obair le daoine eile
- ▶ A bheith liteartha

## Acmhainní

- ▶ Poistíní
- ▶ Marcóirí
- ▶ Clár bán
- ▶ Marcóir

## Leagan amach an tseomra

- ▶ Eagraigh na scoláirí ina bpéirí
- ▶ Roghnaigh áit oiriúnach chun na poistíní a chur ar taispeáint
- ▶ Más grúpobair atá ann, eagraigh na scoláirí i ngrúpaí de 2 nó 4

## Measúnú

- ▶ Déan measúnú ar thuiscint trí éisteacht le freagraí na scoláirí
- ▶ Breathnaíonn agus éistean an múinteoir le freagraí na scoláirí ar an geist atá idir lámha

## Tacú le hobair bhaile

- ▶ Is féidir freagraí na ngrúpaí a shábháil agus a phostáil ar ardáin dhigiteacha chun tacú le hobair bhaile /tuilleadh taighde
- ▶ Is féidir obair bhaile a bhunú ar na freagraí éagsúla a ghintear tríd an ngníomhaíocht seo

An tsraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**  
for teachers